**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Iascach*

**2023/0171(COD)**

15.11.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Iascach

chuig an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa agus pionóis, lena n-áirítear pionóis choiriúla, a thabhairt isteach do chionta an truaillithe (COM(2023)0273 – C9-0187/2023 – 2023/0171(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Cláudia Monteiro de Aguiar

PA_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

Tá caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara i gcroílár an Chomhbheartais Iascaigh ós rud é gur íospartach de thruailliú muirí í an earnáil iascaireachta, lena n-áirítear, i measc go leor foinsí eile, sceitheadh neamhdhleathach substaintí truaillitheacha isteach san fharraige ó longa.

Dá bhrí sin, is díol sásaimh don Rapóirtéir an togra seo ón gCoimisiún lena nuashonraítear Treoir 2005/35/CE[1] maidir le truailliú ó longa agus pionóis a thabhairt isteach do chionta an truaillithe.

Cuireann an Rapóirtéir in iúl go leagtar amach an sainmhíniú ar thruailliú ó longa in Iarscríbhinn I go hIarscríbhinn VI den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc, 1973, agus Prótacal 1978 a ghabhann leis (Marpol 73/78), atá ceangailteach ó thaobh dlí ar an Aontas Eorpach. Le forfheidhmiú caighdeáin níos airde, áiritheofar go mbeidh cothrom iomaíochta ann d'earnáil na loingseoireachta, earnáil a bhfuil gné thrasnáisiúnta aici a bhfuil tionchar dearfach aici ar éiceachórais mhuirí agus ar iascaigh dá bhrí sin.

Is díol sásaimh don Rapóirtéir teorainneacha astaíochtaí níos déine; mar sin féin, tugann sí rabhadh go bhféadfadh tionchar a bheith ag forálacha a áireamh maidir le hastaíochtaí ocsaíde sulfair agus ocsaíde nítrigine ó sceitheadh long ar chabhlach iascaireachta an Aontais, atá comhdhéanta go príomha de shoithí atá ag dul in aois ar le FBManna iad nach bhfuil ach acmhainní teoranta acu chun infheistíocht a dhéanamh in innill nua astaíochtaí ísle. Ní mór leathnú raon feidhme na Treorach chun substaintí breise faoi Marpol 73/78 a chumhdach a léiriú go láidir in CEMID le tacaíocht mhéadaithe d'innill astaíochtaí ísle agus d'athnuachan cabhlaigh.
Áitíonn an Rapóirtéir ar an gCoimisiún tacú le hathnuachan cabhlaigh trí CEMID.

Tugann an rapóirtéir isteach freisin sainmhíniú nua ar an dréacht agus cuireann sí béim ar an ngá atá le forairdeall i gceantair ina bhfuil gníomhaíocht shuntasach iascaireachta, rud a chosnaíonn déchúis na cosanta éiceolaíocha agus cothú na bpobal iascaireachta. Iarrann an Rapóirtéir freisin go mbeadh pobal muirí eolach ann, agus béim á leagan aici ar an ngá atá le hoideachas agus le hoiliúint.

Ar deireadh, molann an Rapóirtéir freisin go ndéanfadh cuimsiú aiseolais ó phobail iascaireachta agus cur chuige comhoibríoch le geallsealbhóirí muirí aird a tharraingt ar fhís iomlán na Treorach, arb é is aidhm dó freastal ar chosaint éiceolaíoch agus ar inbhuanaitheacht na bpobal iascaireachta araon.

Mar fhocal scoir, chomh maith le cothrom iomaíochta a bhaint amach i measc cabhlaigh tríú tíortha a oibríonn in uiscí AE, tá súil ag an Rapóirtéir go n-éascóidh sé sin rialuithe comhordaithe ag na Ballstáit, chomh maith le hionchúiseamh agus forfheidhmiú trasteorann, as a dtiocfaidh laghdú ar thruailliú ó longa.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Iascach ar an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, mar an coiste

[1] IO L 255, 30.9.2005, lch. 11

atá freagrach, an méid seo a leanas a chur i gcuntas:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Is é is aidhm do bheartas muirí an Aontais ardleibhéal sábháilteachta agus cosanta comhshaoil a chur ar fáil. Is féidir an méid sin a bhaint amach trí choinbhinsiúin, cóid agus réitigh idirnáisiúnta a chomhlíonadh agus an tsaoirse loingseoireachta dá bhforáiltear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige á coinneáil. | (1) Is é is aidhm do bheartas muirí an Aontais ardleibhéal sábháilteachta agus cosanta comhshaoil a chur ar fáil. Is féidir an méid sin a bhaint amach trí choinbhinsiúin, cóid agus réitigh idirnáisiúnta a chomhlíonadh agus an tsaoirse loingseoireachta dá bhforáiltear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige á coinneáil. ***I ndáil leis sin, meabhraítear gur cheart an t-aigéan a aithint mar aigéan coiteann domhanda ar leibhéal idirnáisiúnta agus gur cheart é a chosaint de bharr chomh uathúil is atá sé agus an idirnascthacht a bhaineann leis chomh maith leis na seirbhísí riachtanacha éiceachórais a chuirtear ar fáil leis, ar a bhfuil glúine reatha ag brath le maireachtáil agus ó thaobh folláine de agus ar a mbeidh glúine amach anseo ag brath le maireachtáil agus thaobh folláine de.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Is é an ghníomhaíocht is fearr ó thaobh truailliú agus dramhaíl mhuirí ná cosc ar shubstaintí truaillitheacha a bheith á scaoileadh amach san aigéan ón tús a áirithiú. I bhfianaise leitheadúlacht ard an bhruscair polaistiréine inleathnaithe sa mhuirthimpeallacht, arb é an míniú air go bhfuadaíonn na táirgí seo go réidh de shoithí, de bharr chomh*** |

***éadrom is atá siad, agus go gcríochnaíonn siad san fharraige, ba cheart do na Ballstáit a bhreithniú deireadh a chur de réir a chéile le pacáistíocht agus coimeádáin plaistiréine inleathnaithe ó tháirgí iascaigh i gcomhréir leis an uaillmhian roghanna malartacha a chur in áit plaistigh aon-úsáide a bheadh chun tairbhe na timpeallachta agus na n-iascairí.***

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2b) Is den tábhacht freisin é go dtacófar le gníomhaíochtaí chun dramhaíl agus ábhair thruaillitheacha a scaoileadh a aisghabháil go héifeachtach. Tá iascairí, táirgeoirí dobharshaothraithe agus a gcuid eagraíochtaí ag obair cheana féin chun dramhaíl a bhailiú lena n-áirítear trealamh iascaireachta a cailleadh nó a tréigeadh ar muir agus 'scáiltrealamh' ar bagairt é do gach gníomhaíocht éiceachóras muirí agus ar fud an domhain. Ní féidir a bheith súil go dtarlóidh na hiarrachtaí seo gan sásra cúitimh a bheith ann atá curtha in oiriúint do na hiarrachtaí sin. De bhrí go gcailltear 20% de threalamh iascaireachta ar muir san Aontas, arb ionann é agus beagnach aon trian den bhruscar muirí i bhfarraigí na hEorpa[18a] agus nach ndéantar ach 1.5 % de threalamh iascaireachta atá caite a athchúrsáil[18b], tá géarghá le feabhas a chur ar bhailiú, ar athchúrsáil agus ar dheisiú an trealaimh iascaireachta uile agus, dá bhrí sin, tá tacaíocht ag teastáil. I ndáil leis an méid sin, ba cheart do na Ballstáit dea-chleachtais a mhalartú agus tuairisciú ar a ngníomhaíochtaí éagsúla chun dramhaíl agus ábhair thruaillitheacha a aisghabháil agus scaoileadh dramhaíola*** |

***agus ábhar truaillitheach a chosc.***

***[18a] 'Circular economy: From abandoned fishing nets to sustainable clothing', An Coimisiún Eorpach.***

***[18b] 'Lost fishing gear: a trap for our ocean', An Coimisiún Eorpach***

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) Tá cabhlach iascaireachta an Aontais 31,5 bliana d'aois ar an meán, ba cheart tacú le hathnuachan cabhlaigh trí CEMID (Rialachán AE 2021/1139) lena rannchuidítear le rialacháin chomhshaoil atá níos airde ná riamh a chomhlíonadh, go háirithe chun iascaireacht chósta inbhuanaithe ar mhionscála a fhorbairt.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) Áirítear i Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 oibleagáidí tuairiscithe maidir le trealamh caillte ar cheart do na Ballstáit iad a tharchur chuig an gCoimisiún. Ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis sin atá faighte cheana a úsáid nuair a bheidh sé i mbun meastóireachta ar chur chun feidhme na Treorach seo agus ar staid an Aontais ina leith sin.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) Le Rialachán Uimh. 1224/2009, is sárú tromchúiseach é faoin rialachán sin trealamh nó trealamh iascaireachta a dhiúscairt go neamhdhleathach ar muir ó shoitheach iascaireachta, ar choinníoll gur comhlíonadh critéir shonracha. I gcás sáruithe den chineál sin, tá oibleagáidí ar na Ballstáit faoi Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 smachtbhannaí riaracháin nó coiriúla iomchuí a bheith acu atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Ba cheart pionóis riaracháin a thugtar isteach agus Treoir 2005/35/CE á trasuí a bheith gan dochar do Threoir (AE) 2023/xxxx. Ba cheart do na Ballstáit raon feidhme fhorfheidhmiú an dlí riaracháin agus choiriúil a shainiú maidir le cionta ***truaillithe ó longa*** de réir a ndlí náisiúnta. Agus an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2005/35/CE á chur i bhfeidhm, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-urramófar le forchur na bpionós coiriúil agus na bpionós riaracháin prionsabail na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear toirmeasc ne bis in idem. | (8) Ba cheart pionóis riaracháin a thugtar isteach agus Treoir 2005/35/CE á trasuí a bheith gan dochar do Threoir (AE) 2023/xxxx***, agus é mar aidhm cionta truaillithe ó longa a chomhchuibhiú agus pionós comhréireach a ghearradh orthu.*** Ba cheart do na Ballstáit raon feidhme fhorfheidhmiú an dlí riaracháin agus choiriúil a shainiú maidir leis na cionta ***sin*** de réir a ndlí náisiúnta. Agus an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2005/35/CE á chur i bhfeidhm, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-urramófar le forchur na bpionós coiriúil agus na bpionós riaracháin prionsabail na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear toirmeasc ne bis in idem. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (9) Ba cheart na pionóis dá bhforáiltear le Treoir 2005/35/CE a neartú trína áirithiú go gcuirfear pionóis riaracháin i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Aontais. Chun éifeacht dhíspreagtha na bpionós a fhorchuirtear i leith cionta truaillithe ó longa a neartú, ba cheart na pionóis sin a bheith i bhfoirm fíneálacha ar a laghad a fhorchuirtear ar chuideachta na loinge, ***mura féidir leis an gcuideachta a chruthú go raibh máistir na loinge*** nó ball nó baill den chriú, ***i gcás nach raibh an ball nó na baill den chriú ag gníomhú faoi fhreagracht an mháistir,*** freagrach as an sceitheadh. Sa chomhthéacs sin, ciallaíonn cuideachta loinge úinéir na loinge nó aon eagraíocht nó duine eile, amhail an bainisteoir nó an cairtfhostóir lánchostais, a ghlac an fhreagracht as oibriú na loinge ó úinéir na loinge, i gcomhréir leis an gCód Bainistithe Idirnáisiúnta um Oibriú Sábháilte Long agus um Thruailliú a Chosc ('Cód ISM')[24], arna chur chun feidhme i ndlí an Aontais de bhua Rialachán (CE) Uimh. 336/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25]. Ba cheart go n-aithneofaí le Treoir 2005/35/CE go bhféadfadh an t-úinéir cláraithe bainistiú na loinge a tharmligean chuig eintiteas eile, agus ba cheart go gcuirfí an fhreagracht airsean ansin ar an gcéad dul síos má theipeann air oibleagáidí faoi Chód ISM lena áirítear nach ndéanfar damáiste don chomhshaol a chur chun feidhme nó go ndéanfar oibríochtaí ar bord loinge a shannadh do phearsanra cáilithe. | (9) Ba cheart na pionóis dá bhforáiltear le Treoir 2005/35/CE a neartú trína áirithiú go gcuirfear pionóis riaracháin i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Aontais. Chun éifeacht dhíspreagtha na bpionós a fhorchuirtear i leith cionta truaillithe ó longa a neartú, ba cheart na pionóis sin a bheith i bhfoirm fíneálacha ar a laghad a fhorchuirtear ar chuideachta na loinge ***agus*** ar bhall nó ar bhaill den chriú ***araon*** atá freagrach as an sceitheadh. Sa chomhthéacs sin, ciallaíonn cuideachta loinge úinéir na loinge nó aon eagraíocht nó duine eile, amhail an bainisteoir nó an cairtfhostóir lánchostais, a ghlac an fhreagracht as oibriú na loinge ó úinéir na loinge, i gcomhréir leis an gCód Bainistithe Idirnáisiúnta um Oibriú Sábháilte Long agus um Thruailliú a Chosc ('Cód ISM')[24], arna chur chun feidhme i ndlí an Aontais de bhua Rialachán (CE) Uimh. 336/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25]. Ba cheart go n-aithneofaí le Treoir 2005/35/CE go bhféadfadh an t-úinéir cláraithe bainistiú na loinge a tharmligean chuig eintiteas eile, agus ba cheart go gcuirfí an fhreagracht airsean ansin ar an gcéad dul síos má theipeann air oibleagáidí faoi Chód ISM lena áirítear nach ndéanfar damáiste don chomhshaol a chur chun feidhme nó go ndéanfar oibríochtaí ar bord loinge a shannadh do phearsanra cáilithe. |
| [24]An Cód Bainistithe Idirnáisiúnta um Oibriú Sábháilte Long agus um Thruailliú a Chosc arna ghlacadh ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le Rún A.741 (18) ón Tionól an 4 Samhain 1993, arna leasú. | [24]An Cód Bainistithe Idirnáisiúnta um Oibriú Sábháilte Long agus um Thruailliú a Chosc arna ghlacadh ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le Rún A.741 (18) ón Tionól an 4 Samhain 1993, arna leasú. |
| [25] Rialachán (CE) Uimh. 336/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2006 maidir le cur chun feidhme an Chóid Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta sa | [25] Rialachán (CE) Uimh. 336/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2006 maidir le cur chun feidhme an Chóid Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta sa |

| | |
|---|---|
| Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 3051/95 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 64, 4.3.2006, lch. 1). | Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 3051/95 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 64, 4.3.2006, lch. 1). |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Ba cheart do na húdaráis náisiúnta riaracháin agus bhreithiúnacha na himthosca ábhartha go léir a chur san áireamh agus leibhéal na bpionós atá le forchur ar an truaillitheoir á chinneadh acu. Agus aird á tabhairt ar chineál éagsúil na substaintí truaillithe a chumhdaítear faoi Threoir 2005/35/CE agus ar a thábhachtaí atá sé pionóis a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Aontais i bhfianaise chineál trasteorann an iompair rialáilte, ba cheart comhfhogasú breise agus éifeachtacht leibhéil na bpionós a chothú trí chritéir nithiúla a bhunú maidir le pionóis a chur i bhfeidhm i leith sceitheadh substaintí truaillithe éagsúla. Chun na coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le pionóis a chur i bhfeidhm, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26]. Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh. | (10) Ba cheart do na húdaráis náisiúnta riaracháin agus bhreithiúnacha na himthosca ábhartha go léir a chur san áireamh agus leibhéal na bpionós atá le forchur ar an truaillitheoir á chinneadh acu. ***Ba cheart do na húdaráis náisiúnta córas cuimsitheach agus comhréireach a bhunú chun pionós a ghearradh ar chionta truaillithe ó longa lena gcuirtear san áireamh méid an tsoithigh, cineál agus cainníocht na dramhaíola, agus minicíocht na sáruithe, agus freagracht chomhshaoil á cur chun cinn agus truailliú neamhdhleathach á dhíspreagadh ag an am céanna.*** Agus aird á tabhairt ar chineál éagsúil na substaintí truaillithe a chumhdaítear faoi Threoir 2005/35/CE agus ar a thábhachtaí atá sé pionóis a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Aontais i bhfianaise chineál trasteorann an iompair rialáilte, ba cheart comhfhogasú breise agus éifeachtacht leibhéil na bpionós a chothú trí chritéir nithiúla a bhunú maidir le pionóis a chur i bhfeidhm i leith sceitheadh substaintí truaillithe éagsúla. Chun ***cothrom na féinne agus tacaíocht leathan a áirithiú ar fud na mBallstát le haghaidh na ngníomhaíochtaí riaracháin agus breithiúnacha atá le déanamh, tá sé tábhachtach a áirithiú go gcuirfear na pionóis i bhfeidhm chomh haonfhoirmeach agus is féidir. Chun*** na coinníollacha aonfhoirmeacha ***sin a áirithiú*** maidir le pionóis a chur i bhfeidhm, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba |

cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26]. Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh.

[26] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

[26] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Níor leor na bearta tionlacain le haghaidh comhair agus oibleagáidí um thuairisciú na mBallstát go dtí seo chun go mbeifear ábalta anailís iomlán a dhéanamh i dtaobh an bhfuil pionóis éifeachtacha, athchomhairleacha agus chomhréireacha á bhforchur ar thruailleoirí agus an gcuirfear sonraí leordhóthanacha ar fáil don Choimisiún chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir 2005/35/CE. Chun forfheidhmiú éifeachtach agus comhsheasmhach Threoir 2005/35/CE a áirithiú, ba cheart malartú faisnéise agus taithí a éascú trí chomhar feabhsaithe, agus a áirithiú ag an am céanna go gcuirfear sonraí leordhóthanacha ar fáil don Choimisiún chun go bhféadfar faireachán cuí a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir 2005/35/CE. | (12) Níor leor na bearta tionlacain le haghaidh comhair agus oibleagáidí um thuairisciú na mBallstát go dtí seo chun go mbeifear ábalta anailís iomlán a dhéanamh i dtaobh an bhfuil pionóis éifeachtacha, athchomhairleacha agus chomhréireacha á bhforchur ar thruailleoirí agus an gcuirfear sonraí leordhóthanacha ar fáil don Choimisiún chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir 2005/35/CE. Chun forfheidhmiú éifeachtach agus comhsheasmhach Threoir 2005/35/CE a áirithiú, ba cheart malartú faisnéise agus taithí a éascú trí chomhar feabhsaithe, agus a áirithiú ag an am céanna go gcuirfear sonraí leordhóthanacha ar fáil don Choimisiún chun go bhféadfar faireachán cuí a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir 2005/35/CE. ***Ba cheart cearta bhaill an chriú a thugann tuairisc ar aon chion a dtagann siad air a chosaint go dícheallach. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit malartú a dhéanamh freisin maidir leis na dea-*** |

| | |
|---|---|
| | ***chleachtais agus na gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun dramhaíl mhuirí a chosc, lena n-áirítear dramhaíl iascaigh, maidir leis an gcaoi a bhféadfaí níos mó éicidhearthóireachta a úsáid chun an dramhaíl mhuirí is coitianta a bhraitear agus a tionchar ar an gcomhshaol a laghdú, agus maidir leis na dea-ghníomhaíochtaí arna n-úsáid chun dramhaíl mhuirí atá ar muir cheana féin a aisghabháil.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) I Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle áirítear an deis a bheith ag na Ballstáit tacú le gníomhaíochtaí chun éicidhearthóireacht trealaimh iascaireachta a fheabhsú chomh maith le tacú le gníomhaíochtaí chun dramhaíl mhuirí a chosc agus a aisghabháil.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) An tseirbhís saitilítbhunaithe 'CleanSeaNet' atá ann cheana agus lena dtugtar fógra d'údaráis na mBallstát maidir le sceitheadh neamhdhleathach féideartha, ba cheart í a fheabhsú tuilleadh chun faisnéis a chur san áireamh maidir leis na substaintí truaillithe breise faoi raon feidhme Threoir 2005/35/CE. Maidir le faisnéis a bhaineann le sceitheadh féideartha nó le sceitheadh iarbhír arna thuairisciú ag na Ballstáit i gcomhréir le Treoir 2005/35/CE agus le bunachair sonraí eile de chuid an Aontais um | (13) An tseirbhís saitilítbhunaithe 'CleanSeaNet' atá ann cheana agus lena dtugtar fógra d'údaráis na mBallstát maidir le sceitheadh neamhdhleathach féideartha, ba cheart í a fheabhsú tuilleadh chun faisnéis a chur san áireamh maidir leis na substaintí truaillithe breise faoi raon feidhme Threoir 2005/35/CE. Maidir le faisnéis a bhaineann le sceitheadh féideartha nó le sceitheadh iarbhír arna thuairisciú ag na Ballstáit i gcomhréir le Treoir 2005/35/CE agus le bunachair sonraí eile de chuid an Aontais um |

shábháilteacht mhuirí, amhail Córas an Aontais um Malartú Faisnéise Muirí arna bhunú le Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27] ('SafeSeaNet') agus an Bunachar Sonraí Cigireachta arna bhunú le Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28], (‘THETIS’) ba cheart í a chomhtháthú agus a scaipeadh i bhformáid leictreonach sho-úsáidte ar na húdaráis náisiúnta a bhfuil baint acu leis an slabhra forfheidhmiúcháin chun a bhfreagairt thráthúil a éascú. Ba cheart faisnéis den sórt sin, nuair a bhaineann sí le sceitheadh iarbhír nó le sceitheadh féideartha iarmhair ó Chóras Glantacháin Gáis Sceite ó long, a scaipeadh go huathoibríoch ar mhodúl tiomnaithe Thetis arna chur ar bun ag an gCoimisiún faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme 2015/253 ('THETIS-EU'), chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin arna ndéanamh i gcomhréir le forálacha Threoir (AE) 2016/802. Lena áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit uile faireachán éifeachtach ar chur chun feidhme na Treorach, ba cheart do gach Ballstát ráta fíorúcháin 10% in aghaidh na bliana maidir leis na foláirimh a sheolann CleanSeaNet a áirithiú laistigh de na chéad trí bliana ó thrasuí na Treorach seo. Ba cheart rochtain ar an bhfaisnéis sin a dheonú d'údaráis na mBallstát eile a bhfuil leas acu inti faoina róil mar Stáit chalafoirt an chéad chalafoirt chuarda eile, Stáit chósta a ndéanann an sceitheadh féideartha nó Stáit bhrataí na loinge difear dóibh chun comhar trasteorann éifeachtach agus tráthúil a éascú, chun ualach riaracháin na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a íoslaghdú agus chun pionós a ghearradh go héifeachtach ar chiontóirí i gcás sáruithe ar Threoir 2005/35/CE.

[27] Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí

shábháilteacht mhuirí, amhail Córas an Aontais um Malartú Faisnéise Muirí arna bhunú le Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27] ('SafeSeaNet') agus an Bunachar Sonraí Cigireachta arna bhunú le Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28], (‘THETIS’) ba cheart í a chomhtháthú agus a scaipeadh i bhformáid leictreonach sho-úsáidte ar na húdaráis náisiúnta a bhfuil baint acu leis an slabhra forfheidhmiúcháin chun a bhfreagairt thráthúil a éascú. Ba cheart faisnéis den sórt sin, nuair a bhaineann sí le sceitheadh iarbhír nó le sceitheadh féideartha iarmhair ó Chóras Glantacháin Gáis Sceite ó long, a scaipeadh go huathoibríoch ar mhodúl tiomnaithe Thetis arna chur ar bun ag an gCoimisiún faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme 2015/253 ('THETIS-EU'), chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin arna ndéanamh i gcomhréir le forálacha Threoir (AE) 2016/802. Lena áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit uile faireachán éifeachtach ar chur chun feidhme na Treorach, ba cheart do gach Ballstát ráta fíorúcháin 10% in aghaidh na bliana maidir leis na foláirimh a sheolann CleanSeaNet a áirithiú laistigh de na chéad trí bliana ó thrasuí na Treorach seo. Ba cheart rochtain ar an bhfaisnéis sin a dheonú d'údaráis na mBallstát eile a bhfuil leas acu inti faoina róil mar Stáit chalafoirt an chéad chalafoirt chuarda eile, Stáit chósta a ndéanann an sceitheadh féideartha nó Stáit bhrataí na loinge difear dóibh chun comhar trasteorann éifeachtach agus tráthúil a éascú, chun ualach riaracháin na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a íoslaghdú agus chun pionós a ghearradh go héifeachtach ***agus go comhréireach*** ar chiontóirí i gcás sáruithe ar Threoir 2005/35/CE.

[27] Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí

| | |
|---|---|
| de chuid an Chomhphobail agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10). | de chuid an Chomhphobail agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10). |
| [28] Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú stáit ar chalafoirt (Athmhúnlú) (IO L 131, 28.5.2009, lch. 57). | [28] Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú stáit ar chalafoirt (Athmhúnlú) (IO L 131, 28.5.2009, lch. 57). |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) I mí na Nollag 2017, i bhfianaise thús na caibidlíochta idir-institiúidí ar Threoir (AE) 2019/883, cuireadh ar atráth an Foghrúpa maidir le Dramhaíl ó Longa, foghrúpa a bunaíodh faoi Fhóram Eorpach na Loingseoireachta Inbhuanaithe agus inar tháinig raon leathan saineolaithe i réimse an truaillithe ó longa agus an bhainistithe dramhaíola ó longa le chéile. Ós rud é gur thug an Foghrúpa sealadach sin treoir agus saineolas luachmhar don Choimisiún, ba cheart grúpa saineolaithe comhchosúil a bhunú ag a mbeadh sainordú taithí maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo a mhalartú chun cuidiú leis na Ballstáit forbairt a dhéanamh ar a gcumas teagmhais truaillithe a bhrath agus a fhíorú agus forfheidhmiú éifeachtach Threoir 2005/35/CE a áirithiú. | (14) I mí na Nollag 2017, i bhfianaise thús na caibidlíochta idir-institiúidí ar Threoir (AE) 2019/883, cuireadh ar atráth an Foghrúpa maidir le Dramhaíl ó Longa, foghrúpa a bunaíodh faoi Fhóram Eorpach na Loingseoireachta Inbhuanaithe agus inar tháinig raon leathan saineolaithe i réimse an truaillithe ó longa agus an bhainistithe dramhaíola ó longa le chéile. Ós rud é gur thug an Foghrúpa sealadach sin treoir agus saineolas luachmhar don Choimisiún, ba cheart grúpa saineolaithe comhchosúil a bhunú ag a mbeadh sainordú taithí maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo a mhalartú chun cuidiú leis na Ballstáit forbairt a dhéanamh ar a gcumas teagmhais truaillithe a bhrath agus a fhíorú agus forfheidhmiú éifeachtach Threoir 2005/35/CE a áirithiú. ***Is den tábhacht freisin é gach páirtí leasmhar ábhartha a áireamh sna foghrúpaí seo, an earnáil iascaigh san áireamh*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Ba cheart don Ghníomhaireacht | (15) Ba cheart don Ghníomhaireacht |

Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) arna bunú le Rialachán (AE) xxxx/xxxx[29] an tacaíocht is gá a thabhairt don Choimisiún chun cur chun feidhme na Treorach seo a áirithiú.

IO L xxxx.

Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) arna bunú le Rialachán (AE) xxxx/xxxx[29] an tacaíocht is gá a thabhairt don Choimisiún chun cur chun feidhme na Treorach seo a áirithiú. ***Ba chóir don Choimisiún úsáid a bhaint freisin as na sonraí atá bailithe ag EFCA, nuair is iomchuí, go háirithe i ndáil le trealamh iascaireachta caillte.***

IO L xxxx.

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Chun feasacht an phobail ar sceitheadh ó thruailliú ó longa a mhéadú ***agus*** chun feabhas a chur ar chosaint an chomhshaoil, ba cheart faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2005/35/CE a chur ar fáil go poiblí trí fhorléargas uile-Aontais agus ba cheart go n-áireofaí leis an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2005/35/CE. Is é is aidhm do Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] an ceart rochtana ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a ráthú sna Ballstáit i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil (Coinbhinsiún Aarhus), ina bhfuil an tAontas ina pháirtí. Ba cheart don Choimisiún rúndacht na faisnéise a fhaigheann na Ballstáit a chosaint, gan dochar d'fhorálacha Threoir 2003/4/CE. | (18) Chun feasacht an phobail ar sceitheadh ó thruailliú ó longa a mhéadú agus chun feabhas a chur ar chosaint an chomhshaoil, ***chun cur leis an sprioc maidir leis an dúlra a athbhunú agus gealltanais an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a urramú,*** ba cheart faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2005/35/CE a chur ar fáil go poiblí trí fhorléargas uile-Aontais agus ba cheart go n-áireofaí leis an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2005/35/CE. ***Chuige sin, tá sé fíor-riachtanach staidreamh a sholáthar maidir le líon agus suíomhanna sceite arna mbrath ag an gcóras CleanSeaNet, agus tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina bhfuil na sonraí a fuarthas, an líon sceite a fíoraíodh agus a deimhníodh, agus líon na bpionós riaracháin agus coiriúil a cuireadh i bhfeidhm.*** Is é is aidhm do Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] an ceart rochtana ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a ráthú sna Ballstáit i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí |

comhshaoil (Coinbhinsiún Aarhus), ina bhfuil an tAontas ina pháirtí. Ba cheart don Choimisiún rúndacht na faisnéise a fhaigheann na Ballstáit a chosaint, gan dochar d'fhorálacha Threoir 2003/4/CE.

[30] Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis chomhshaoil agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).

[30] Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis chomhshaoil agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Tá plé leanúnach ar siúl ag an IMO maidir le saincheisteanna comhshaoil nua a bhaineann le loingseoireacht idirnáisiúnta, a mbíonn truailliú uisce agus truailliú aeir mar thoradh uirthi. Áirítear leo sin truailleáin uisce i mbruscair mhuirí, amhail cailliúint coimeádán agus millíní plaisteacha, agus truailleáin torainn agus aeir faoi uisce amhail carbón dubh. D'fhéadfadh rialacháin nua faoi Marpol 73/78 a bheith mar thoradh ar an bplé sin. Thairis sin, ceanglaítear le Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34] ar na Ballstáit dea-stádas comhshaoil sa mhuirthimpeallacht a bhaint amach, lena n-áirítear, i measc nithe eile, bruscar muirí agus torann faoi uisce ó longa mar thuairisceoirí cáilíochtúla. Ar an ábhar céanna, leagtar síos le Treoir (AE) 2023/xxxx[35] teorainnluachanna maidir le dé-ocsaíd nítrigine (NO2) a eascraíonn as astaíochtaí ocsaíde nítrigine (NOx). Cuireann gníomhaíochtaí loingseoireachta le leibhéil NO2 níos airde i limistéir chósta agus chalafoirt. I bhfianaise an méid sin, ba cheart forbairtí nua a chur san áireamh in athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar Threoir 2005/35/CE agus ba cheart don | (21) Tá plé leanúnach ar siúl ag an IMO maidir le saincheisteanna comhshaoil nua a bhaineann le loingseoireacht idirnáisiúnta, a mbíonn truailliú uisce agus truailliú aeir mar thoradh uirthi. Áirítear leo sin truailleáin uisce i mbruscair mhuirí, amhail cailliúint coimeádán agus millíní plaisteacha, agus truailleáin torainn agus aeir faoi uisce amhail carbón dubh. D'fhéadfadh rialacháin nua faoi Marpol 73/78 a bheith mar thoradh ar an bplé sin. ***Ba cheart truailliú nialasach ó (mhicrea)phlaistigh agus ó PFAS a áireamh in athbhreithniú ar Marpol 73/79 amach anseo.*** Thairis sin, ceanglaítear le Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34] ar na Ballstáit dea-stádas comhshaoil sa mhuirthimpeallacht a bhaint amach, lena n-áirítear, i measc nithe eile, bruscar muirí agus torann faoi uisce ó longa mar thuairisceoirí cáilíochtúla. Ar an ábhar céanna, leagtar síos le Treoir (AE) 2023/xxxx[35] teorainnluachanna maidir le dé-ocsaíd nítrigine (NO2) a eascraíonn as astaíochtaí ocsaíde nítrigine (NOx). Cuireann gníomhaíochtaí loingseoireachta le leibhéil NO2 níos airde i limistéir chósta |

Choimisiún scrúdú a dhéanamh an bhféadfaí raon feidhme na Treorach seo a mhodhnú, más iomchuí, i bhfianaise aon chaighdeáin idirnáisiúnta nua faoi Marpol 73/78. Ba cheart go ndéanfaí measúnú in athbhreithniú amach anseo ar an bhféidearthacht go ndéanfaí modhnú ar raon feidhme Threoir 2005/35/CE, más iomchuí, chun astaíochtaí SOx agus NOx a ionchorprú, mar a rialaítear le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol, bunaithe ar an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme Threoir (AE) 2016/802 agus ar an bhforbairt agus an aibíocht maidir le faireachán agus brath astaíochtaí SOx agus NOx ó longa, d'fhonn córas forfheidhmiúcháin comhleanúnach, éifeachtúil agus éifeachtach a áirithiú, chomh maith le pionóis athchomhairleacha a fhorchur ina leith, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach agus, go háirithe, le Tionscnamh Suaitheanta 5 de 'Truailliú nialasach a Fhorfheidhmiú le chéile'.

[34] Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil muirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

[35] IO L xxxx.

agus chalafoirt. I bhfianaise an méid sin, ba cheart forbairtí nua a chur san áireamh in athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar Threoir 2005/35/CE agus ba cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh an bhféadfaí raon feidhme na Treorach seo a mhodhnú, más iomchuí, i bhfianaise aon chaighdeáin idirnáisiúnta nua faoi Marpol 73/78. Ba cheart go ndéanfaí measúnú in athbhreithniú amach anseo ar an bhféidearthacht go ndéanfaí modhnú ar raon feidhme Threoir 2005/35/CE, más iomchuí, chun astaíochtaí SOx agus NOx a ionchorprú, mar a rialaítear le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol, bunaithe ar an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme Threoir (AE) 2016/802 agus ar an bhforbairt agus an aibíocht maidir le faireachán agus brath astaíochtaí ***CO2,*** SOx agus NOx ó longa, d'fhonn córas forfheidhmiúcháin comhleanúnach, éifeachtúil agus éifeachtach a áirithiú, chomh maith le pionóis athchomhairleacha a fhorchur ina leith, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach agus, go háirithe, le Tionscnamh Suaitheanta 5 de 'Truailliú nialasach a Fhorfheidhmiú le chéile'.

[34] Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil muirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

[35] IO L xxxx.

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 1– mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is é is cuspóir don Treoir seo caighdeáin idirnáisiúnta maidir le truailliú ó longa a ionchorprú i ndlí an Aontais agus a áirithiú go mbeidh daoine atá freagrach as sceitheadh neamhdhleathach substaintí truaillithe faoi réir pionóis riaracháin athchomhairleacha, éifeachtacha agus chomhréireacha chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht mhuirí agus chun feabhas a chur ar chosaint an chomhshaoil mhuirí ar thruailliú ó longa. | 1. Is é is cuspóir don Treoir seo caighdeáin idirnáisiúnta maidir le truailliú ó longa a ionchorprú i ndlí an Aontais agus a áirithiú go mbeidh daoine atá freagrach as sceitheadh neamhdhleathach substaintí truaillithe faoi réir pionóis riaracháin athchomhairleacha, éifeachtacha agus chomhréireacha chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht mhuirí, ***chun cur leis an sprioc maidir leis an dúlra a athbhunú agus gealltanais an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a urramú*** agus chun feabhas a chur ar chosaint an chomhshaoil mhuirí ar thruailliú ó longa. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ciallaíonn 'substaintí truaillithe' substaintí atá faoi réir rialú Marpol 73/78 Iarscríbhinní I (ola), II (substaintí leachtacha díobhálacha ar an mórchóir), III (substaintí díobhálacha a iompraítear ar muir i bhfoirm phacáistithe), IV (camras ó longa), V (bruscar ó longa) agus iarmhar ó Chóras Glantacháin Gáis Sceite; | 2. ciallaíonn 'substaintí truaillithe' substaintí atá faoi réir rialú Marpol 73/78 Iarscríbhinní I (ola), II (substaintí leachtacha díobhálacha ar an mórchóir), III (substaintí díobhálacha a iompraítear ar muir i bhfoirm phacáistithe), IV (camras ó longa), V (bruscar ó longa) agus iarmhar ó Chóras Glantacháin Gáis Sceite***, sa leagan is déanaí de;*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Tagraíonn 'damáiste' do dhíobháil fhisiceach trí thimpiste a dhéanann dochar do luach, d'úsáideacht nó do*** |

| | |
|---|---|
| | ***ghnáthfheidhm na loinge nó a trealaimh, agus ní áirítear leis gnáthchaitheamh agus gnáthchuimilt.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 4 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh gach Ballstát ***na*** bearta is gá lena áirithiú go mbeidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach a rinne sárú de réir bhrí mhír 1 faoi dhliteanas ina leith.; | 2. Déanfaidh ***gach*** Ballstát na bearta is gá lena áirithiú go mbeidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach a rinne sárú de réir bhrí mhír 1 faoi dhliteanas ina leith.; |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 5 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní mheasfar gur sárú don chuideachta, don mháistir ná don chriú a bheidh i sceitheadh substaintí truaillithe atá faoi réir rialú Iarscríbhinní I, II agus VI a ghabhann le Marpol 73/78 sna limistéar a leagtar amach in Airteagal 3(1)(c), (d) agus (e), má chomhlíontar ***an dá*** choinníoll seo a leanas: | 1. Ní mheasfar gur sárú don chuideachta, don mháistir ná don chriú a bheidh i sceitheadh substaintí truaillithe atá faoi réir rialú Iarscríbhinní I, II agus VI a ghabhann le Marpol 73/78 sna limistéar a leagtar amach in Airteagal 3(1)(c), (d) agus (e), ***más mar thoradh díreach ar force majeure a tharlóidh sin; ach fianaise láidir a chur ar fáil ina leith sin; nó má*** chomhlíonfar na coinníollacha ***uile*** seo a leanas: |

*Réasúnú*

*Mar shampla: Tionóiscí loingseoireachta gan choinne, imbhuailtí le soithí eile, nó tionóiscí lena mbaineann bacainní faoi uisce, amhail coimeádáin nó smionagar faoi uisce, a mbíonn damáiste do threalamh loinge mar thoradh orthu agus a mbíonn sceitheadh truaillithe neamhbheartaithe mar thoradh orthu. I gcásanna den sórt sin, d'fhéadfadh cuideachta, máistir nó criú na loinge a bheith díolmhaithe ó dhliteanas más féidir leo a léiriú go ndearna siad gach réamhchúram réasúnta chun an sceitheadh a chosc nó a íoslaghdú nuair a tharla an tionóisc.*

*Dálaí aimsire foircneacha agus neamhthuartha, freagairt ar ghéarchéimeanna nó freagairt éigeandála, etc...*

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 5 –mír 1 – pointe b a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) tuairiscíodh an sceitheadh láithreach do na húdaráis tar éis dó tarlú.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 5 –mír 1 – pointe b b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bb) Soláthróidh an chuideachta, an máistir, nó an criú fianaise dhoiciméadach nó logaí ina sonrófar na réamhchúraimí a glacadh chun an sceitheadh a chosc nó a íoslaghdú arna iarraidh sin ag na húdaráis ábhartha.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 5 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás inar ghníomhaigh an chuideachta, an máistir nó an criú atá freagrach as an damáiste le hintinn damáiste a dhéanamh nó go meargánta agus fios acu gur dócha go mbeadh damáiste mar thoradh air.; | 2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás inar ghníomhaigh an chuideachta, an máistir nó an criú atá freagrach as an damáiste le hintinn damáiste a dhéanamh ***go faillíoch*** nó go meargánta agus fios acu gur dócha go mbeadh damáiste mar |

thoradh air.; ***Gníomhú in aghaidh rialacha sábháilteachta, dea-chleachtas, agus neamhaird a thabhairt ar rabhaidh go háirithe, nuair a léirítear gur glacadh rioscaí nuair a bhíothas lánfheasach ar an gcontúirt a bhí i gceist;***

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 8 – mír 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Moltar do na Ballstáit cláir oideachais agus oiliúna a áireamh mar chuid den chóras pionóis, lena n-áiritheofar go gcuirfear oibreoirí, máistrí agus criúnna iascaireachta ar an eolas faoi dhea-chleachtais agus faoi thábhacht an chomhlíonta.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 8d – mír 1 – pointe a a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) ábhar agus cainníocht na dramhaíola sceite mar thosca géaraitheacha;*** |

*Réasúnú*

*Moltar do na Ballstáit pionóis a chur in oiriúint d'ábhar sonrach na dramhaíola a sceitear agus idirdhealú a dhéanamh idir cineálacha éagsúla dramhaíola, chun pionóis níos airde a shannadh i leith sceitheadh neamhdhleathach ábhair a bhfuil riosca comhshaoil méadaithe ag baint leis.*

*Ba cheart do na Ballstáit réimse pionóis a chruthú bunaithe ar thoirt nó ar chainníocht na dramhaíola a sceitear. D'fhéadfadh gur pionóis níos ísle a bheadh i gceist le sceitheadh níos lú, agus fíneálacha níos airde a bheith mar thoradh ar sceitheadh níos mó nó níos suntasaí.*

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 8d – mír 1 – pointe a b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ab) catagóirí mhéid na long;*** |

*Réasúnú*

*Moltar do na Ballstáit struchtúr pionóis cisealta a bhunú ina dtiocfaidh méadú ar na fíneálacha nó ar na pionóis de réir mhéid an tsoithigh. D'fhéadfaí fíneálacha níos substaintiúla a ghearradh ar longa móra i gcomparáid le longa níos lú as cionta comhchosúla.*

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 8d – mír 1 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) an damáiste a dhéantar de bharr an sceite don chomhshaol nó do shláinte an duine; | (c) an damáiste don chomhshaol nó do shláinte an duine mar gheall ar an sceitheadh, ***measúnú tionchair comhshaoil agus an costas athchóirithe comhshaoil;*** |

*Réasúnú*

*Moltar do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag an gcion ar an gcomhshaol agus aird á tabhairt ar thosca amhail íogaireacht an éiceachórais áitiúil, an dochar a d'fhéadfadh a bheith ann don fhiadhúlra, agus an damáiste do limistéir chósta, agus ar an gcaoi sin pionóis a choigeartú bunaithe ar dhéine an tionchair ar an gcomhshaol, agus béim á leagan ar mhaolú agus ar na héiceachórais a ndéantar difear dóibh a athchóiriú.*

*Ba cheart go gcumhdódh na pionóis na costais is gá chun an damáiste don chomhshaol a eascraíonn as an sceitheadh neamhdhleathach a leigheas, lena n-áiritheofar go mbeadh an fhreagracht airgeadais maidir leis na hiarrachtaí glantacháin agus athchóirithe ar thruailleoirí.*

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 8d – mír 1 – pointe f a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) bearta arna ndéanamh ag an duine nó ag an gcuideachta atá freagrach chun na húdaráis inniúla, nó ordlathas i gcás fostaí cuideachta, a chur ar an eolas;*** |

*Réasúnú*

*Féadfaidh na Ballstáit pionóis laghdaithe a ghlacadh san áireamh do na daoine aonair sin a chuireann údaráis ar an eolas nó, más fostaithe iad, a gcuid maoirseoirí maidir le sárú, mar bhealach chun cothromaíocht a bhaint amach idir cuntasacht agus comhar agus freagracht chomhshaoil á cur chun cinn ag an am céanna. D'fhéadfadh sé sin macántacht, leithdháileadh éifeachtach acmhainní agus iarrachtaí prasa feabhsúcháin a spreagadh agus ag an am céanna cothroime agus cothromas a áirithiú maidir leis an gcaoi a gcaitear le sáruithe comhshaoil.*

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 8d – mír 1 – pointe h

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) ***aon sárú*** a rinne an duine freagrach roimhe sin. | (h) ***méid agus toirt*** na ***sáruithe*** a rinne an duine freagrach roimhe sin. |

*Réasúnú*

*Moltar do na Ballstáit córas a chur chun feidhme a mhéadóidh pionóis d'athchiontóirí. Mar shampla, i gcás gach ciona a dhéanfaidh an long chéanna ina dhiaidh sin, d'fhéadfaí an pionós a iolrú. Is saincheart é tairseacha soiléire a shainiú le haghaidh líon na gcionta arís agus arís eile agus an t-iolraitheoir atá le cur i bhfeidhm i ngach cás a shonrú. Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar phionóis a mhéadú as cuimse do chiontóirí a dhéanann cion arís agus arís eile chun díspreagadh láidir a chruthú i gcoinne sáruithe leanúnacha.*

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 8d – mír 1 – pointe h a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) Méid an damáiste a rinne an sceitheadh do bheatha na mara, lena n-áirítear líon na n-iasc, agus a thionchar ina dhiaidh sin ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus ar phobail chósta.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 8d – mír 1 – pointe h b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(hb) I limistéir ina bhfuil gníomhaíocht shuntasach iascaireachta ann, moltar do na Ballstáit sásraí faireacháin feabhsaithe a fhorfheidhmiú agus pionóis níos déine agus athchomhairleacha a mheas chun sáruithe a dhíspreagadh.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 8d – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Glacfaidh na Ballstáit san áireamh oibleagáidí a eascraíonn as gníomhartha eile de chuid an Aontais amhail Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 maidir le Rialú ar Iascach agus na hoibleagáidí faoi mhír 1 á gcur chun feidhme acu.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 10 – mír 1 – pointe d a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) A áirithiú go scaipfidh údaráis náisiúnta nó áitiúla faisnéis ábhartha, go háirithe maidir le limistéir inar tharla teagmhais truaillithe ó longa, chuig pobail iascaireachta ar bhealach tráthúil agus sothuigthe.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 10 – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Oibreoidh na Ballstáit agus an Coimisiún i gcomhar chun faisnéis a mhalartú maidir leis na cleachtais agus na gníomhaíochtaí is fearr arna ndéanamh chun dramhaíl mhuirí a chosc, lena n-áirítear dramhaíl iascaigh, maidir leis an gcaoi a bhféadfaí níos mó éicidhearthóireachta a úsáid chun an dramhaíl mhuirí is coitianta a bhraitear agus a tionchar ar an gcomhshaol a laghdú, agus maidir le dea-ghníomhaíochtaí arna n-úsáid chun dramhaíl mhuirí atá ar muir cheana féin a aisghabháil.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 10 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh an Coimisiún foráil maidir le malartú taithí a eagrú idir údaráis náisiúnta na mBallstát agus saineolaithe, lena n-áirítear iad siúd ón earnáil phríobháideach, ón tsochaí shibhialta agus ó cheardchumainn, maidir leis an Treoir sin a chur i bhfeidhm ar fud an Aontais, d'fhonn cleachtais choiteanna agus treoirlínte coiteanna a bhunú maidir leis an Treoir sin a fhorfheidhmiú.; | 2. Déanfaidh an Coimisiún foráil maidir le malartú taithí a eagrú idir údaráis náisiúnta na mBallstát, iascairí agus saineolaithe, lena n-áirítear iad siúd ón earnáil phríobháideach, ón tsochaí shibhialta, ó cheardchumainn, agus ó ***ionadaithe ó phobail agus ó chumainn iascaireachta*** maidir leis an Treoir sin a chur i bhfeidhm ar fud an Aontais, d'fhonn cleachtais choiteanna agus treoirlínte coiteanna a bhunú maidir leis an Treoir sin a fhorfheidhmiú.; |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 10a – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Tuairisceoidh na Ballstáit freisin ar na bearta a rinneadh i ndáil le dramhaíl mhuirí a chosc agus a aisghabháil chomh maith le gníomhaíochtaí chun ábhair i dtrealamh agus i dtáirgí a úsáidtear ar muir a ionadú, amhail pacáistíocht agus coimeádáin polaistiréine leathnaithe de réir mar is iomchuí, agus oibleagáidí tuairiscithe eile faoi ghníomhartha eile de chuid an Aontais á gcur san áireamh.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 10b – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Cuimseofar leis an oiliúint sin freisin modúil maidir le tionchar*** |

| | |
|---|---|
| | ***éiceolaíoch an truaillithe mhuirí, lena ndíreofar go sonrach ar na himpleachtaí do líon na n-iasc, do na limistéir pórúcháin agus do phatrúin imirce. Tabharfar cuireadh do shaineolaithe ó earnáil an iascaigh rannchuidiú leis na seisiúin oiliúna sin agus páirt a ghlacadh iontu, agus eolas pearsanta agus léargais ar éifeachtaí an truaillithe ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus ar bheatha mhuirí á gcur ar fáil acu. Féachfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit leis na príomhléargais agus an fhaisnéis ó na seisiúin oiliúna sin a scaipeadh ar phobail iascaireachta, lena n-áiritheofar go mbeidh siad ar an eolas go maith agus go mbeidh ról comhoibríoch acu le linn cuspóirí na Treorach seo a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 10c, mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ar bhonn na faisnéise arna tuairisciú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 10a, cuirfidh an Coimisiún forléargas ar fáil go poiblí ar fud an Aontais, ar forléargas é a nuashonraítear go rialta, ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú na Treorach seo. Áireofar san fhorléargas an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo. | 1. Ar bhonn na faisnéise arna tuairisciú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 10a, ***chomh maith le faisnéis ábhartha arna fáil faoi ghníomhartha eile de chuid an Aontais, amhail Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 i ndáil le trealamh iascaireachta caillte,*** cuirfidh an Coimisiún forléargas ar fáil go poiblí ar fud an Aontais, ar forléargas é a nuashonraítear go rialta, ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú na Treorach seo. Áireofar san fhorléargas an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15**

Treoir 2005/35/CE
Airteagal 10d – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh an Coimisiún bealach tuairiscithe seachtrach ar líne rúnda a fhorbairt agus a chothabháil chun tuarascálacha a fháil, de réir bhrí Threoir (AE) 2019/1937[40] maidir le sáruithe féideartha ar an Treoir seo ***agus*** déanfaidh sé na tuarascálacha sin a tharchur chuig an mBallstát nó chuig na Ballstáit lena mbaineann. | 1. Déanfaidh an Coimisiún bealach tuairiscithe seachtrach ar líne rúnda a fhorbairt agus a chothabháil ***agus a mbeidh rochtain réidh ag an bpobal air,*** chun tuarascálacha a fháil, de réir bhrí Threoir (AE) 2019/1937 maidir le sáruithe féideartha ar an Treoir seo agus déanfaidh sé na tuarascálacha sin a tharchur chuig an mBallstát nó chuig na Ballstáit lena mbaineann. |
| [40] Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17). | [40] Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17). |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 10d – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Na húdaráis inniúla náisiúnta a gheobhaidh tuarascálacha ar sháruithe ar an Treoir seo, arna gcur isteach ar an mbealach dá dtagraítear i mír 1, áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh siad aiseolas agus go ndéanfaidh siad obair leantach maidir leis na tuarascálacha sin i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1937. | 2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta a gheobhaidh tuarascálacha ar sháruithe ar an Treoir seo, arna gcur isteach ar an mbealach dá dtagraítear i mír 1, sin ***a iniúchadh, nuair is iomchuí, go ngníomhóidh siad ina leith agus*** go soláthróidh siad aiseolas ***go pras*** agus go ndéanfaidh siad obair leantach maidir leis na tuarascálacha sin i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1937. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15**

Treoir 2005/35/CE
Airteagal 10d – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh daoine aonair a thuairiscíonn sáruithe a d'fhéadfadh a bheith ann faoin Treoir seo thíos le haon iarmhairtí díobhálacha i ndáil le fostaíocht, ciapadh, bagairtí, ná idirdhealú mar thoradh ar a nochtadh. Coinneofar céannacht sceithirí faoi rún a mhéid a cheadaítear faoin dlí. Ní mheasfar go mbeidh sceithirí faoi dhliteanas as a nochtadh, ar choinníoll gur de mheon macánta agus gan mhailís a dhéantar sin.*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 10 –mír 1 – pointe b a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) faisnéis ábhartha a bailíodh faoi ghníomhartha eile de chuid an Aontais, amhail Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18**
Treoir 2005/35/CE
Airteagal 12 a – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Tiomsóidh an Coimisiún freisin an fhaisnéis a chuir na Ballstáit isteach de bhun Airteagal 10a mír 2a agus déanfaidh sé measúnú ar cibé an bhfuil gníomhaíochtaí breise de dhíth ar leibhéal an Aontais agus tíolacfaidh sé, de réir mar is iomchuí, tograí chuige sin.*** |

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Déantar an liosta seo a leanas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara. Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas nuair a bhí an tuarascáil á hullmhú, go dtí gur glacadh sa choiste í:

| Eintiteas agus/nó duine |
|---|
| Gan ionchur |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Lena leasaítear Treoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa agus pionóis, lena n-áirítear pionóis choiriúla, a thabhairt isteach do chionta an truaillithe |
| **Tagairtí** | COM(2023)0273 – C9-0187/2023 – 2023/0171(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | TRAN<br>10.7.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | PECH<br>10.7.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Cláudia Monteiro de Aguiar<br>12.9.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 9.10.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 9.11.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 21<br>–: 0<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clara Aguilera, João Albuquerque, Pietro Bartolo, François-Xavier Bellamy, Isabel Carvalhais, Asger Christensen, Rosa D'Amato, Francisco Guerreiro, Anja Haga, Anja Hazekamp, Niclas Herbst, Jan Huitema, Ladislav Ilčić, France Jamet, Predrag Fred Matić, Francisco José Millán Mon, Marc Tarabella, Theodoros Zagorakis |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Cláudia Monteiro de Aguiar, Elżbieta Rafalska, Lucia Vuolo |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Iskra Mihaylova |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 21 | + |
|---|---|
| ECR | Ladislav Ilčić, Elżbieta Rafalska |
| NI | Marc Tarabella |
| EPP | François-Xavier Bellamy, Anja Haga, Niclas Herbst, Francisco José Millán Mon, Cláudia Monteiro de Aguiar, Lucia Vuolo, Theodoros Zagorakis |
| Renew | Asger Christensen, Jan Huitema, Iskra Mihaylova |
| S&D | Clara Aguilera, João Albuquerque, Pietro Bartolo, Isabel Carvalhais, Predrag Fred Matić |
| The Left | Anja Hazekamp |
| Na Glasaigh/SCE | Rosa D'Amato, Francisco Guerreiro |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ID | France Jamet |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh